# Gné 1: Do Churaclam agus do Ráiteas Curaclaim a fhorbairt

## Gníomh A: Do churaclam reatha ar dtús

Tá an gníomh seo ceaptha lena úsáid mar a **thosóidh** tú ag obair ar **Bhunchlocha an Churaclaim** nó ar **Cholúin an Churaclaim** sa Treoir Cleachtais.

Nuair atá tú ag smaoineamh ar an gcuraclam, is fiú díriú i dtús báire ar **a ndéanann tú faoi láthair** agus ar **cén fáth** a ndéanann tú é. Is iomaí toisc a mhúnlaíonn do chuid oibre curaclaim agus a imríonn tionchar uirthi, lena n-áirítear líon na leanaí sa ghrúpa, a n-aois, agus an chéim forbartha atá bainte amach acu. Téann tosca socheacnamaíocha agus cultúrtha, cineál an tsuímh, an timpeallacht fhisiceach, amhail na hacmhainní sa seomra agus an spás lasmuigh, agus fealsúnacht, éiteas, fís, prionsabail, luachanna, gnáthaimh, agus polasaithe an ionaid i bhfeidhm ar do chuid oibre freisin. Is tábhachtach a choinneáil i gcuimhne chomh maith gur tusa mar dhuine a mhúnlaíonn an curaclam, cuir i gcás:

- **d'aistear gairmiúil** - do chuid eolais agus scileanna, a bhfuil ar eolas agat faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí agus faoin gcaoi a bhforbraíonn siad sa luathóige, an taithí atá agat ar thacaíocht a thabhairt dó seo agus ar a mhéadú, na tuairimí atá agat i leith na leanaí i do shuíomh, agus an cur amach atá agat orthu.

- **d'aistear pearsanta féin** - do luachanna agus do shaintréithe pearsanta, agus an taithí phearsanta atá agat ar an saol.

Nuair atá tú ag smaoineamh ar an gcuraclam, is cabhrach smaoineamh ar an gcaoi a dtéann na rudaí seo ar fad i bhfeidhm ar do chuid oibre agus ar d'idirghníomhaíochtaí le leanaí, lena ndaoine muinteartha, agus le comhghleacaithe. Tá na ceisteanna i nGníomh A ceaptha le cabhrú leat smaoineamh ar do chuid oibre le leanaí, cur síos a dhéanamh uirthi, agus a mhíniú cén fáth a n-oibríonn tú ar an mbealach seo.  Cabhróidh sé seo leatsa agus le do chuid comhghleacaithe sainaithint a dhéanamh ar na prionsabail, na tuairimí agus na luachanna a chuireann bonn eolais faoi do chuid oibre. Is féidir leat na ceisteanna seo a úsáid a i d'aonar, mar chuid d'fhoireann ag oibriú le comhghleacaithe, nó le meantóir.

## Gníomh A: Do churaclam reatha ar dtús

**1a. Céard a chiallaíonn *curaclam* duitse?**

**1b. Cé na focail a d'úsáidfeá le *cur síos a dhéanamh ar an gcuraclam* a sholáthraíonn tú do na leanaí a n-oibríonn tú leo?**

**2. Cén *sprioc atá agat ó thaobh fhoghlaim agus forbairt na leanaí de* i do shuíomh? Cén fáth?**

**3. Céard *a dhéanann tú i do chuid oibre laethúla* d'fhonn a chinntiú go mbainfear amach an sprioc seo ar mhaithe leis na leanaí i do shuíomh?**

**4a. Céard iad *na tréithe nó na saintréithe* atá agat a thacaíonn le do chuid oibre le leanaí?**

**4b. Céard iad *na prionsabail, na tuairimí agus na luachanna a chuireann bonn eolais faoi* do chuid oibre le leanaí?**

**4c. Céard iad *na teoiricí* maidir leis an luathfhoghlaim agus leis an luathfhorbairt is mó a imríonn tionchar ar do chuid oibre le leanaí?**

**5. Scríobh alt gairid (nach mó ná 5-6 abairt) ina ndéantar cur síos ar an gcuraclam a sholáthraíonn tú — *cén chaoi* a bhfoghlaimíonn leanaí i do sheomra nó i do shuíomh, *cén fáth* a bhfuil tábhacht ag baint leis seo agus *céard* a thugann tú tacaíocht dóibh a fhoghlaim (nasc le spriocanna foghlama*Aistear*). Smaoinigh ar alt ba mhaith leat a chur ar a súile do thuismitheoirí an chéad uair a thagann siad chuig do shuíomh. Is é an t-alt seo an *Ráiteas Curaclaim* agat.**

**Déan athbhreithniú ar an ráiteas seo tar éis tamaill, b'fhéidir i gceann 6 mhí nó bliana.**

**D'fhéadfadh sé go gcabhródh Gníomh C, *Athbhreithniú a dhéanamh ar do churaclam i bhfianaise na Treorach Cleachtais*, leat é sin a dhéanamh.**



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs